Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12967/23

LIMITE

ECOFIN 871
FISC 192
ONU 59

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Seasamh thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát maidir leis an gcomhar cánach ag na Náisiúin Aontaithe |

**Seasamh thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát maidir leis an gcomhar cánach ag na Náisiúin Aontaithe**

***Arna tíolacadh go comhpháirteach ag Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún***

Is díol sásaimh don Aontas agus dá Bhallstáit an deis a bheith acu leanúint den phlé maidir le conas comhar idirnáisiúnta cánach atá cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn a thuilleadh, bunaithe ar Thuarascáil Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an Rún Cánach ó na Náisiún Aontaithe a foilsíodh le déanaí agus a ullmhaíodh mar fhreagairt ar rún 77/244 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le comhar cánach idirnáisiúnta cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe.

Is príomhionstraimí iad an t-iltaobhachas agus an comhar chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, agus tá sé ríthábhachtach go bhforbrófar caighdeáin dhomhanda chánach ar mhaithe le comhphobal idirnáisiúnta comhtháite rathúil.

Sa chomhthéacs sin, tugann an tAontas agus a Bhallstáit dá n-aire go bhfuil ról tábhachtach ag na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear na hiarrachtaí atá á ndéanamh acu ó thaobh tacú le tíortha atá i mbéal forbartha ioncaim intíre a shlógadh agus ó thaobh cur lena gcumas a straitéisí forbartha a mhaoiniú, agus an obair atá idir láimhe acu maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, ar gealltanas fadtéarmach é a bhaineann le gach tír ar fud an domhain.

Dá bhrí sin, tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh córas cánach idirnáisiúnta éifeachtach don fhorbairt inbhuanaithe a áirithiú ar bhealach a fhreagraíonn go héifeachtach ar ábhair imní agus riachtanais shonracha na dtíortha sin a bhfuil teorainn lena n-acmhainní nó cumais riaracháin. Is ríthábhachtach í an chinnteoireacht chuimsitheach chun tacú leis na caighdeáin dhomhanda chánach a chur chun feidhme go héifeachtach. Aithníonn an tAontas agus a Bhallstáit go háirithe go bhfuil gá le tacaíocht don fhothú acmhainneachta do thíortha atá i mbéal forbartha chun na caighdeáin dhomhanda chánach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

I ndáil leis an méid sin, leanann an tAontas agus a Bhallstáit de bheith tiomanta don obair leantach atá á déanamh ag Creat Cuimsitheach ECFE/G20, atá ag féachaint go crua le hathchóirithe uaillmhianacha a dhéanamh ar an ord idirnáisiúnta cánach, an réiteach dhá cholún san áireamh trí chaibidlíocht dhian chuimsitheach le breis is 140 dlínse. An 11 Iúil 2023, d'fhormheas 138 gcomhalta de Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (ar tíortha i mbéal forbartha a bhformhór mór) an Ráiteas Torthaí maidir leis an réiteach dhá cholún lena n-aithnítear an dul chun cinn suntasach a rinneadh agus lena gceadaítear do thíortha agus do dhlínsí tús a chur leis an mór-athchóiriú stairiúil ar an gcóras idirnáisiúnta cánach. I bhfianaise na hoibre suntasaí agus an dul chun cinn atá déanta go nuige seo agus an iarracht leanúnach chun dul chun cinn breise a dhéanamh trí Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis, tá sé tábhachtach leanúint de na caighdeáin dhomhanda chánach sin a fhorbairt agus an dúbailt oibre nó torthaí neamhréireacha a sheachaint. Ina theannta sin, tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit leis an obair atá á déanamh ar leibhéal an Fhóraim Dhomhanda maidir leis an Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise Chun Críoch Cánach, arb é is aidhm di an imghabháil cánach eischósta a chomhrac agus lenar bunaíodh caighdeán domhanda maidir leis an trédhearcacht i gcúrsaí cánach.



PUBLIC

Maidir leis an ábhar a bhí i dtuarascáil Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus na roghanna a mholtar ann, measann an tAontas agus a Bhallstáit gur baol, dá n-úsáidfí **rogha 1 nó 2** mar a mholtar sa tuarascáil iad, go n-éireodh as sin dúbailt san obair idirnáisiúnta a bhfuil nasc aici leis an gcreat domhanda atá ann cheana, bíodh an obair sin leantach nó críochnaithe. D'fhéadfaí sé go dtabharfaí le tuiscint leis sin an chaibidlíocht a athoscailt, maidir le saincheisteanna, b'fhéidir, dá bhfuil réitigh dhea-gheallúnacha cheana féin, in ainneoin gur tógadh líonra suntasach comhaontuithe lena n-áirithítear an trédhearcacht chánach agus an chothroime chánach thar na blianta, rud atá go mór chun sochair do na tíortha rannpháirteacha uile. B'fhadálach an mhaise é seo do gach dlínse, mar a leagadh béim air sa tuarascáil, i bhfianaise cúlra ina mbíonn formhór chomhaltaí na Náisiún Aontaithe rannpháirteach cheana san obair i gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 agus go bhfuil siad tiomanta do gach gníomhaíocht rinneadh go nuige seo faoin gcreat sin um chreimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis.

I measc na dtrí rogha a mholtar sa tuarascáil, d'fhéadfadh an tAontas agus na Ballstáit **rogha 3 a bhreithniú**, i.e. bheith ag obair ag na Náisiúin Aontaithe chun clár oibre iltaobhach neamhcheangailteach a chur i dtoll a chéile le haghaidh gníomhaíochtaí comhordaithe. Ba cheart an clár oibre sin a fhorbairt i gcaoi go seachnófaí dúbailt ar chomhaontaithe idirnáisiúnta cánach atá ann cheana agus go rachaidh sé go hiomlán chun socair do na tíortha rannpháirteacha, agus dul chun cinn comhthreomhar, marthanach á éascú in ECFE ag an am céanna. I bhfianaise an mhéid sin, b'fhiú gníomhaíochtaí breise a fhorbairt le díriú ar an bhfothú acmhainneachta agus ar ioncam a shlógadh, ar cháin a ghearradh ar an ngeilleagar neamhfhoirmiúil, agus ar shreafaí aindleathacha airgeadais a chomhrac, go háirithe sna tíortha is lú forbairt, rud atá ríthábhachtach chun Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach le himeacht ama.

Ina theannta sin, tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit leis na hiarrachtaí atá ar bun ag Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis agus ag an bhFóram Domhanda maidir leis an Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise Chun Críoch Cánach chun cuimsitheacht a bhallraíochta leithne a fheabhsú a thuilleadh.

Agus an uaillmhian sin á cur san áireamh acu, leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de pháirt a ghlacadh sa díospóireacht sin go hoscailte agus go cuiditheach chun teacht ar bhealach comhchoiteann chun cinn lena dtreisítear a chéile ar an leibhéal domhanda.



PUBLIC